C/2025/1189

21.3.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Rannpháirtíocht na hóige san idirphlé sóisialta agus sibhialta i réigiún na Meánmhara

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/1189)

Rapóirtéir: **Thomas WAGNSONNER**

Comhrapóirtéir: **Lidija PAVIĆ-ROGOŠIĆ**

Comhairleoir	Karol ZABAWA, thar ceann Ghrúpa II Graziano TULLIO, thar ceann rapóirtéir Ghrúpa III
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	17.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	23.11.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	23.1.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	593
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	175/0/3

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Is in éineacht le hionadaithe don óige a tarraingíodh suas an tuairim seo. Molann CESE rannpháirt a thabhairt do dhaoine óga i ngach céim den phróiseas ceaptha beartas, ó chéim na cinnteoireachta go dtí cur chun feidhme agus meastóireacht na mbeartas. Tá sé ríthábhachtach sásraí láidre faireacháin, aiseolais agus cuntasachta a chur chun feidhme ag gach céim.

1.2. Is bunchloch den rannpháirtíocht dhaonlathach iad próisis an idirphlé shóisialta agus shibhialta. Mar sin féin, bíonn deacrachtaí ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna), grúpaí óige, eagraíochtaí fostóirí, agus eagraíochtaí oibrithe páirt éifeachtach a ghlacadh sna próisis chinnteoireachta. I roinnt mhaith tíortha in MENA ([1]), tá teorainn leis an tsaoirse comhlachais, leis an tsaoirse cainte agus, ar bhonn níos ginearálta, leis an gcumas atá ag eintitis a dhéanann ionadaíocht ar oibrithe agus ar an tsochaí shibhialta a gcearta a chosaint agus a n-éilimh a chur in iúl. Is gá tacú le próisis dhaonlathacha a théann níos faide ná toghcháin, lena gcruthaítear sásraí rannpháirtíochta fóinteacha a bhfuil an tsaoirse shaorántachta, an trédhearcacht, inrochtaineacht ar fhaisnéis agus deiseanna do chách mar shaintréithe acu.

1.3. Is mór idir taithí agus cúinsí na ndaoine óga agus na n-eagraíochtaí atá faoi stiúir na hóige ó áit go háit in MENA. Ní mór deireadh a chur le sainmhínithe aontoiseacha ar an óige trí ghnéithe sonracha na ngrúpaí óige éagsúla a aithint agus trí chur chuige trasnach a ghlacadh ionas nach ndéanfar neamhaird ar éagsúlacht gheografach ná shochpholaitiúil daoine óga.

1.4. Saintréith de staid shocheacnamaíoch na ndaoine óga i réigiún na Meánmhara (dá ngairtear 'an réigiún' anseo feasta) ná ardleibhéal dífhostaíochta, fostaíocht neamhthipiciúil agus neamhfhoirmiúil, pá íseal, easpa post ardcháilíochta agus sciar ard daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna). Cuireann CESE i bhfáth gur gá an margadh saothair agus na córais oideachais araon a athchóiriú chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

([1]) *Middle East and North Africa* (An Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh).

1.5. Grúpaí ó chúlraí leochaileacha, tá dúshláin bhreise rompu maidir le hionadaíocht, rochtain ar dheiseanna, an margadh saothair agus eile. Leagann CESE béim ar an ngá atá le cláir thacaíochta a cheapadh lena ndéanfar teagmháil leis na grúpaí sin.

1.6. Tugann CESE dá aire gur cheart do na córais oideachais, rannpháirtíocht na saoránach a chur chun cinn ar bhealach níos láidre trí bhíthin próisis rannpháirtíochta agus éiceachórais thacúla a chruthú chun tacair scileanna iomchuí a fháil (e.g. litearthacht pholaitiúil agus dhigiteach) agus a chur ar chumas na ndaoine óga páirt a ghlacadh go muiníneach sna próisis institiúideacha. Ba cheart don tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta a thuilleadh tacaíochta a thabhairt do na daoine óga ach ceardlanna fothaithe acmhainneachta a chur ar fáil, rud a dhéanfaidh níos éasca dóibh teacht ar na hacmhainní agus na deiseanna a theastaíonn chun páirt a ghlacadh ann.

1.7. Is réamhriachtanas tábhachtach é taighde leordhóthanach a dhéanamh ar an óige má táthar chun dúshláin a shainaithint agus leasanna an aosa óig a chur san áireamh sna próisis rannpháirtíochta, rud a bhfuil sonraí ábhartha ag teastáil lena aghaidh. Cuireann CESE i bhfios go láidir a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí taighde a dhíríonn ar rannpháirtíocht na ndaoine óga i margadh an tsaothair, san oideachas, i bpróisis rannpháirtíochta agus i saol an phobail. An comhar idir institiúidí oideachais, an lucht acadúil, earnáil an ghnó, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, na comhpháirtithe sóisialta san áireamh, ní mór é a threisiú agus rannpháirt ghníomhach na ndaoine óga a chur ina chroílár.

1.8. Saintréith choitianta de thíortha an réigiúin ná creataí leordhóthanacha le haghaidh idirphlé sóisialta éifeachtach a bheith ar lár. Cuireann CESE i bhfáth gur gá an t-idirphlé sóisialta tríthaobhach agus dépháirteach a threisiú, go háirithe trí Choinbhinsiúin ríthábhachtacha EIS maidir leis an idirphlé sóisialta a chur chun feidhme go cuimsitheach.

1.9. Tugann CESE chun suntais buntáistí na bpleananna gníomhaíochta don óige, is féidir a úsáid mar threochláir, a ngabhann gníomhaíochtaí agus uirlisí ar leith leo le haghaidh creataí eagraíochtúla is cuimsithí maidir le rannpháirtíocht na n-óg in eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta. Oibrithe óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa chómhargáil agus struchtúir ionadaíochta a dhíríonn ar an aos óg a bhunú ar leibhéal na gcuideachtaí, is bealaí éifeachtacha iad sin chun rannpháirtíocht na n-óg a fhí isteach go struchtúrach i struchtúir an idirphlé shóisialta. Tarraingíonn CESE aird ar shampla Chomhairlí Iontaobhais na nÓg san Ostair.

1.10. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach tacú leis an tríú céim de thionscadal SOLiD ([2]), chun a áirithiú go ndéanfar na hionstraimí a fhorbraítear a chur chun feidhme ar bhealach inbhuanaithe. De bhreis air sin, ba cheart an chéim sin a úsáid chun Cairt na nÓg a tharraingt suas, ar nós Chairt na mBan atá ann cheana, agus machnamh a dhéanamh ar shásraí comhairliúcháin a dhíríonn ar an aos óg a bhunú.

1.11. Ba cheart an t-idirphlé sibhialta a dhéanamh níos cuimsithí trí pháirt a thabhairt ann do ghrúpaí éagsúla – lena n-áirítear na mná, grúpaí mionlaigh, agus pobail leochaileacha – trí bhíthin tacaíocht airgeadais spriocdhírithe, mar aon le sásraí idirplé is éifeachtaí agus is idirghníomhaí arna n-éascú ag modhnóirí gairmiúla agus arna gceapadh i gcomhar leis an aos óg.

1.12. Ba cheart cur leis an ionadaíocht a dhéantar d'eagraíochtaí na hóige agus do chomhairlí na n-óg sa phlé a dhéantar le húdaráis an stáit trí oibrithe óige a aithint ina ngníomhaithe tábhachtacha sna próisis chomhairliúcháin agus an spás agus na háiseanna a theastaíonn a thabhairt dóibh le gur féidir leo a gcion a dhéanamh go héifeachtach. Tá sé tábhachtach straitéisí don óige a fhorbairt a chuireann le dlisteanacht rannpháirt na hóige san idirphlé, comhairlí don óige a bhunú i dtíortha nach ann dóibh, agus na buiséid don óige a mhéadú ar gach leibhéal críochach, ar an leibhéal áitiúil go háirithe.

1.13. Ba cheart tús áite a thabhairt don trédhearcacht agus don chomhionannas deiseanna san idirphlé sibhialta trí chritéir roghnúcháin shoiléire a bhunú do rannpháirtithe na hóige agus trína áirithiú go mbeidh deis chothrom ag na cumainn óige aitheanta agus ag gluaiseachtaí an ghnáthphobail araon páirt a ghlacadh ann. Tá sé ríthábhachtach caighdeáin choiteanna agus creat rialála cuimsitheach a fhorbairt lena n-áirítear struchtúir thiomnaithe tacaíochta, amhail foirne agus pointí teagmhála, chun rannpháirtíocht dea-eagraithe comhsheasmhach na hóige i bpróisis idirphlé a áirithiú.

1.14. Ní mór na struchtúir atá faoi stiúir na hóige a nascadh le chéile níos mó d'fhonn an comhar réigiúnach a chothú agus malartú níos mó smaointe agus deiseanna a áirithiú idir grúpaí ilchineálacha. Iarrann CESE ar na hinstitiúidí poiblí cistiúchán a aimsiú chun tacú leis na líonraí réigiúnacha don óige agus leis na spásanna don óige. Lena chois sin, tá sé tábhachtach rannpháirt eagraíochtaí na hóige a neartú i gcaidreamh seachtrach an Aontais tríd an gcomhar le toscaireachtaí an Aontais a chur chun cinn agus trí na nósanna imeachta um iarratas ar víosa a chuíchóiriú do na daoine óga a ghlacann páirt i gcláir soghluaisteachta.

([2]) https://solidmed.eu/en.

2. **Cúlra**

2.1. Tugann CESE dá aire gur grúpa ilchineálach an t-aos óg, ó thaobh cultúir, airgeadais, agus polaitíochta de. Is mór idir taithí agus cúinsí na ndaoine óga go léir, mar sin, caithfear deireadh a chur le sainmhínithe aontoiseacha ar an óige trí ghnéithe sonracha na ngrúpaí óige éagsúla a aithint agus trí chur chuige trasnach a ghlacadh ionas nach dtabharfar neamhaird ar an éagsúlacht gheografach ná shochpholaitiúil.

2.2. Cé gur ón mbarr anuas a thógtar cuid mhaith de na hinstitiúidí agus na heagraíochtaí polaitiúla agus go mbíonn struchtúir chumhachta thar a bheith comhchruinnithe mar shaintréith acu, is gnách go mbíonn daoine óga rannpháirteach i struchtúir áitiúla ón mbun aníos agus gluaiseachtaí de chuid an ghnáthphobail, a bhaineann, den chuid is mó, le saincheisteanna polaitiúla nach dtugtar tús áite dóibh ar chlár oibre na bpolaiteoirí (e.g. an aeráid agus ceartas sóisialta, rannpháirtíocht pholaitiúil, cearta mionlaigh, cearta ainmhithe) ([3]).

2.3. Aithníonn CESE na modhanna éagsúla cumarsáide agus na cineálacha éagsúla gníomhaíochais pholaitiúil a úsáideann daoine óga go coitianta, lena n-áirítear díscor, baghcat a dhéanamh ar struchtúir institiúidithe agus diúltú do mhodhanna foirmiúla gníomhaíochais pholaitiúil, nithe arb é an díomá polaitiúil is cúis leo, is cosúil, seachas an neamhshuim pholaitiúil ([4]).

2.4. Saintréith de staid shocheacnamaíoch na ndaoine óga sa réigiún is ea ardleibhéil dífhostaíochta, fostaíocht pháirtaimseartha neamhthipiciúil agus neamhfhoirmiúil, chomh maith le pá íseal agus easpa post ardcháilíochta (lena n-áirítear intéirneachtaí neamhíoctha). Tá sciar réasúnta ard de NEETanna sa réigiún, figiúr arb ionann é agus suas le haon trian den aos óg. Fadhb reatha an bhoilscithe, maille le cumhacht íseal cheannaigh i gcás na tithíochta agus na gcíosanna arda, is mór an phráinn a bhaineann leis na saincheisteanna sin don dream óg.

2.5. Léiríonn líon ard na luathfhágálaithe scoile, go háirithe na mná óga, agus na rátaí arda dífhostaíochta i measc na gcéimithe sa réigiún go bhfuil easpa cáilíochta sna córais oideachais, go háirithe sna ceantair thuaithe, ós rud é nach múintear na scileanna a theastaíonn ón margadh saothair. Dúshlán suntasach is ea na srianta inrochtaineachta, ós rud é nach bhfuil sé d'acmhainn ag an-chuid teaghlach costais an oideachais a íoc. Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar sciar na ndaoine ardoilte i measc na ndaoine atá ag dul ar imirce ón réigiún, rud a thugann le fios go bhfuil imirce daoine oilte ann.

2.6. Saintréith de staid ionadaithe na hóige sa réigiún is ea saincheisteanna tromchúiseacha slándála agus bacainní eile nach iad. De bhreis air sin, grúpaí lena n-áirítear na mná óga, daoine faoi mhíchumas, dídeanaithe, imircigh, mionlaigh eitneacha agus theanga, daoine óga de na pobail dhúchasacha, daoine óga ó cheantair thuaithe, daoine de phobal LGBTQ+, agus daoine de ghrúpaí leochaileacha eile, tá a thuilleadh dúshlán fós rompu maidir leis an ionadaíocht pholaitiúil, an rochtain ar dheiseanna agus ar mhargadh an tsaothair, agus réimsí nach iad.

3. **Páirt a thabhairt don aos óg i bpróisis rannpháirtíochta an idirphlé shóisialta agus shibhialta**

3.1. ***An t-idirphlé sóisialta***

3.1.1. Tá sainmhíniú tugtha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) ar an rud is idirphlé sóisialta ann mar atá, gach cineál caibidlíochta, comhairliúcháin nó malartaithe faisnéise arna dhéanamh idir ionadaithe na rialtas, na n-eagraíochtaí fostóirí agus na gceardchumann, nó ina measc, maidir le saincheisteanna leasa choitinn a bhaineann leis an mbeartas eacnamaíoch agus sóisialta. D'fhéadfadh próiseas trípháirteach a bheith ann, agus an rialtas mar pháirtí amháin, nó d'fhéadfadh caidreamh dépháirteach a bheith ann idir oibrithe agus lucht bainistíochta. D'fhéadfadh próisis idirphlé shóisialta a bheith neamhfhoirmiúil nó institiúidithe ach déantar gnéithe den dá cheann a chomhcheangal go minic. Is féidir leo tarlú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó ar leibhéal na cuideachta agus is féidir leo a bheith idirghairmiúil, earnálach nó meascán díobh sin.

3.1.2. Tá ról lárnach ag an idirphlé sóisialta maidir le tionchar a imirt ar bheartais eacnamaíocha, saothair agus shóisialta agus maidir le cóineasú i ndálaí maireachtála agus oibre a chur chun cinn. Is uirlis luachmhar í chun athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, iomaíochas agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chothú, mar a cuireadh i bhfios go láidir i dtuairim SOC/764 ó CESE ([5]).

([3]) Bunaithe ar ionchur na n-ionadaithe óige le linn chruinnithe an ghrúpa staidéir agus Fhóram Óige Fhondúireacht Anna Lindh.
([4]) Bunaithe ar ionchur na n-ionadaithe óige le linn chruinnithe an ghrúpa staidéir agus Fhóram Óige Fhondúireacht Anna Lindh.
([5]) IO C 228, 29.6.2023, lch. 87.

3.1.3. Uirlis ríthábhachtach den idirphlé sóisialta is ea próiseas na cómhargála arb é is aidhm leis dálaí oibre cuibhiúla agus ceartas san ionad oibre a ráthú. Leis an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua, amhail an t-aistriú cóir, an t-athrú aeráide agus cumhachtú na hóige, cuirtear an t-idirphlé sóisialta i staid pholaitiúil ríthábhachtach, staid a théann níos faide ná an chaibidlíocht pá amháin. Ós rud é go mbíonn tionchar ar leith ag na dúshláin sin ar an óige, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh ról suntasach ag daoine óga in eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta agus go spreagfar daoine óga chun páirt a ghlacadh iontu.

3.2. *An t-idirphlé sóisialta sa Mheánmhuir*

3.2.1. 'Sa réigiún, bíonn deacrachtaí ag eagraíochtaí oibrithe amhail ceardchumainn [...] go háirithe maidir le ballraíocht, saoirse comhlachais, agus éifeachtacht maidir lena gcearta a chosaint agus a n-éilimh a chur in iúl. Cuireann roinnt mhaith rialtas i réigiún MENA srianta ar an tsaoirse comhlachais ([6]).'

3.2.2. Saintréith choitianta de thíortha an réigiúin ná creat leordhóthanach le haghaidh idirphlé sóisialta éifeachtach a bheith ar lár. Cé go n-áirithíonn cuid de na creataí náisiúnta idirphlé sóisialta go ndéantar foráil don idirphlé sóisialta trípháirteach, bíonn an-teorainn leis na struchtúir idirphlé earnála agus dhépháirtigh ar leibhéal na cuideachta. Tá dlús na gceardchumann agus an cumhdach cómhargála fós sách íseal. An toradh a bhíonn air sin, teorainn a bheith le hacmhainn na gcomhpháirtithe sóisialta tionchar a imirt ar an gcinnteoireacht phoiblí agus, ina dhiaidh sin, ar chás socheacnamaíoch na ndaoine, cás na ndaoine óga go háirithe.

3.2.3. Má táthar chun struchtúir athléimneacha rathúla idirphlé shóisialta a thógáil, caithfear croí-institiúidí den chreat sochaíoch a dhéanamh d'eagraíochtaí na bhfostóirí agus na ceardchumainn. Is díol sásaimh do CESE tionscnaimh amhail Idirphlé Sóisialta na Meánmhara Theas (SOLiD), lena gcumasaítear malartú idir-réigiúnach dea-chleachtas, agus creataí dlíthiúla agus struchtúracha. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach tacú leis an tríú céim den tionscadal SOLiD chun a áirithiú go ndéanfar na hionstraimí a fhorbraítear a chur chun feidhme ar bhealach inbhuanaithe. De bhreis air sin, ba cheart an chéim sin a úsáid chun Cairt na nÓg a tharraingt suas, ar nós Chairt na mBan ([7]) atá ann cheana, agus scrúdú a dhéanamh ar na buntáistí a bhainfeadh le sásraí comhairliúcháin a dhíreodh ar an aos óg a bhunú.

3.3. *An t-idirphlé sibhialta*

3.3.1. Cé nár glacadh aon sainmhíniú uilíoch ar cad is idirphlé sibhialta ann, aithnítear go forleathan é mar chuid lárnach d'obair ESSanna chun a áirithiú go gcloisfear guthanna na saoránach i bpróisis chinnteoireachta. Is fíor sin go háirithe agus an ardleibhéal muiníne atá ag daoine as ESSanna á chur san áireamh mar aon le héifeachtacht mhéadaitheach rannpháirtíocht na sochaí sibhialta agus meath na sásraí rannpháirtíochta traidisiúnta ([8]).

3.3.2. Na codanna earnála, trasearnála, agus cothrománacha den idirphlé sibhialta, cuireann siad chun cinn an comhar agus an chuimsitheacht sa rialachas poiblí, rud a chuireann le dlisteanacht agus cuntasacht na mbeartas. Baintear an méid sin amach trí bhíthin dhá ghné chomhlántacha: 1) idirphlé i measc ESSanna d'fhonn a gcuid tuairimí agus saineolais a mhalartú; agus 2) an t-idirphlé struchtúrtha idir ESSanna agus institiúidí rialtais d'fhonn a chinntiú go gcuirtear tuairimí ó éagsúlacht foinsí san áireamh i gceapadh na mbeartas.

3.3.3. An meath atá tagtha ar na sásraí rannpháirtíochta traidisiúnta, léiríonn sé an géarghá atá le próisis nuálacha idirphlé shibhialta a thagann le leasanna agus bealaí cumarsáide na ndaoine óga ([9])

3.3.4. Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg ([10]) agus Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de ([11]), is samplaí láidre iad sin de shásraí rannpháirteacha ceaptha beartas a thugann páirt d'ionadaithe na hóige trí bhíthin an chomhairliúcháin, an mheasúnaithe tionchair, agus an mhaolaithe, a chothaíonn príomhshruthú na hóige ar an leibhéal idirinstitiúideach.

([6]) *The future of work: Trade unions in transformation, International Journal of Labour Research,* 2019, Iml. 9, Eagrán 1-2 (lch. 226).

([7]) https://solidmed.eu/sites/default/files/2023-05/Womens-charter.pdf.

([8]) *The impact of civil society organisations in Europe*, Civil Society Europe, 2019; ii) *Future of Europe*, Eorabharaiméadar Speisialta 500, lch. 19; 2020.

([9]) *Political Participation and EU Citizenship: Perceptions and Behaviours of Young People* [Rannpháirtíocht Pholaitiúil agus Saoránacht an Aontais: Braistintí agus Iompraíochtaí Daoine Óga], an Coimisiún Eorpach, 2016; *Co-deciding with Citizens: Towards Digital Democracy at EU Level* [Comhchinnteoireacht le Saoránaigh: I dtreo Daonlathas Digiteach ar leibhéal an Aontais], Seirbhís Gníomhaíochta na Saoránach Eorpach, 2015.

([10]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An obair leantach maidir le hIdirphlé Óige an Aontais Eorpaigh a neartú trí bhíthin treoirlínte faireacháin agus trédhearcachta (IO C, C/2024/6866, 28.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6866/oj).

([11]) IO C 486, 21.12.2022, lch. 46.

3.4. ***An t-idirphlé sibhialta i réigiún na Meánmhara***

3.4.1. I gcomhthéacs na míshástachta atá ag dul i méid le hinstitiúidí polaitiúla, tá an t-idirphlé sibhialta ag teacht chun cinn mar shásra ríthábhachtach chun an easpa muiníne idir an pobal agus cinnteoirí a shárú agus chun aghaidh a thabhairt ar frustrachas an phobail, go háirithe maidir le saincheisteanna práinneacha amhail an dífhostaíocht, an comhtháthú sóisialta agus an t-athrú aeráide.

3.4.2. Tá éagsúlacht shuntasach ann i gcleachtais idirphlé shibhialta toisc nach bhfuil caighdeáin choiteanna ná creat rialála cuimsitheach ann. Ina theannta sin, tá ilroinnt sa réigiún toisc comhthéacsanna polaitiúla, leagáidí stairiúla, noirm chultúrtha agus struchtúir shochaíocha dhifriúla a bheith ann i measc na dtíortha, rud is cúis le neamhréireacht agus neamhfhoirmiúlacht san idirphlé sibhialta ar fud an réigiúin.

3.4.3. Is minic imeachtaí comhairliúcháin aonuaire a bheith i gceist leis an idirphlé seachas fíorthionscnaimh idirphlé, rud ar ábhar imní é maidir le cuimsitheacht, cuntasacht agus trédhearcacht. Cé go dtarlaíonn an t-idirphlé earnála go minic, is go mírialta a tharlaíonn an t-idirphlé trasnaí agus ní bhíonn struchtúr leis an bpróiseas, rud a fhágann nach mbíonn sé leanúnach ná comhsheasmhach.

3.4.4. Leis an laghdú atá ag teacht ar an spás don tsochaí shibhialta, baintear an bonn d'éifeachtacht ESSanna, rud a chuireann teorainn lena gcumas athrú a chur chun cinn. Déanann creataí dlíthiúla sriantacha, comhthoghadh stáit, bacainní maorlathacha, cistiú roghnaitheach agus cinsireacht lagú breise ar neamhspleáchas agus ar thionchar ESSanna san idirphlé sibhialta. I dtíortha áirithe, cuireann sé isteach freisin ar na deiseanna a bhíonn an dul i gcomhar le heagraíochtaí idir-rialtasacha.

3.4.5. Tá tírdhreach an idirphlé shibhialta á athrú ó bhonn ag ardáin na meán sóisialta agus ag uirlisí cumarsáide digití, rud a chuireann bealaí nua ar fáil do rannpháirtíocht na n-óg. Mar sin féin, ní mór aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an tsábháilteacht, an mhífhaisnéis, an ciapadh ar líne agus bearnaí digiteacha chun struchtúir idirphlé chuimsitheacha agus chuiditheacha a áirithiú ([12]).

4. **Ceanglais agus dúshláin reatha i réigiún na Meánmhara maidir le próisis rannpháirtíochta institiúideacha ó thaobh na hóige de**

4.1. Is bunchloch den rannpháirtíocht dhaonlathach iad próisis an idirphlé shóisialta agus shibhialta. Bíonn deacrachtaí ag ESSanna, grúpaí óige, eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn agus iad ag iarraidh páirt éifeachtach a ghlacadh sna próisis chinnteoireachta. I roinnt mhaith tíortha MENA, tá teorainn leis an tsaoirse comhlachais, leis an tsaoirse cainte agus, ar bhonn níos ginearálta, leis an inniúlacht agus an cumas atá ag eintitis a dhéanann ionadaíocht d'fhostóirí, d'oibrithe agus don tsochaí shibhialta a gcearta a chosaint agus a n-éilimh a chur in iúl. Is gá tacú le próisis dhaonlathacha a théann níos faide ná toghcháin, lena gcruthaítear sásraí rannpháirtíochta a bhfuil an tsaoirse shaorántachta, an trédhearcacht, inrochtaineacht ar fhaisnéis agus deiseanna do chách mar shaintréithe acu.

4.2. Cuireann CESE in iúl, in ainneoin acmhainneacht shuntasach daoine óga, gur minic a fhágtar ar lár iad ó phróisis rannpháirtíochta ([13]). Léirítear le rannpháirtíocht íseal na n-óg i dtoghcháin, ganntanas na gceannairí faoi bhun 35 bliana d'aois i bpoist ardleibhéil, agus cásanna cur i gcéill nó eisiaimh ó phróisis rannpháirtíochta go bhfuil bacainní fós roimh dhaoine óga maidir le páirt iomlán a ghlacadh sa chinnteoireacht. Tá sé deacair do dhaoine óga teacht ar eiseamláirí a mbraitheann siad a ndéanann ionadaíocht orthu nuair nach bhfuil mórán d'éagsúlacht i measc cinnteoirí, agus go háirithe i bhfianaise thearcionadaíocht na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste.

4.3. Tá struchtúir an idirphlé shóisialta agus agus an idirphlé shibhialta fós fréamhaithe i bparaidímí agus modheolaíochtaí atá as dáta agus nach mbíonn daoine óga rannpháirteach iontu. Tá cosc ar rannpháirtíocht ghníomhach na n-óg toisc mímhuinín agus cailliúint dóchais a bheith i réim i dtaca leis na struchtúir institiúidithe, rud arb é réamhshocrú na gclár oibre is cúis leis. Rud eile is cúis leis an meon sin is ea nach féidir daoine óga a chomhtháthú go struchtúrach i gcreataí eagraíochtúla agus nach ndéantar leasanna an aosa óig a léiriú go leordhóthanach.

4.4. Is bacainní ar rannpháirtíocht daoine óga iad na dearcthaí faoi struchtúir thraidisiúnta chumhachta agus cheannaireachta (amhail struchtúir phatrarcacha) agus na claontachtaí i gcoinne daoine óga. Cé go bhfuil dúshláin agus bacainní breise roimh mhná óga, tá sé tábhachtach aird a tharraingt ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag eagraíochtaí na mban na struchtúir thraidisiúnta leatromacha a shárú.

([12]) Féach nóta beartais Euromesco *Youth deliberation and participation in the Euro-Mediterranean region* (2023).
([13]) *Be Seen, Be Heard: Understanding young people's political participation*. https://www.youthforum.org/files/UPDATED_UN_REPORT_TBS_Accessible_Version_090622.pdf.

4.5. Is réamhriachtanas tábhachtach é taighde leordhóthanach a dhéanamh ar an óige chun dúshláin a shainaithint agus chun a leasanna a chur san áireamh sna próisis rannpháirtíochta. A laghad sonraí ar féidir rochtain a fháil orthu, go háirithe ar an leibhéal áitiúil, agus a laghad sonraí imdhealaithe atá ann maidir leis an bhfírinne ar an láthair i gcás na ndaoine óga aonair, go háirithe iad siúd arb as ceantair thuaithe iad agus na mná óga, is dúshláin ollmhóra iad a bhuanaíonn tearcionadaíocht leasanna na hóige i réimsí beartais éagsúla.

4.6. Tá teorainn le rannpháirtíocht na ndaoine óga i dtionscnaimh idirphlé shóisialta agus shibhialta mar gheall ar thosca lóistíochta (mar shampla saincheisteanna soghluaisteachta agus víosaí) agus easnaimh ó thaobh bonneagair de. Leagann CESE béim ar an ngá atá le sásraí éifeachtacha tacaíochta do dhaoine óga, áiseanna eacnamaíocha, sóisialta, agus oideachais san áireamh.

4.7. Cuireann CESE riachtanais na hóige leochailí in iúl, lena n-áirítear NEETanna, mná óga, daoine faoi mhíchumas, dídeanaithe, imircigh, mionlaigh eitneacha agus teanga, daoine óga dúchasacha, daoine óga ó cheantair thuaithe agus baill den phobal LGBTQ+. Leagann sé béim freisin ar an dúshlán a bhaineann le teagmháil a dhéanamh le daoine óga i bpobail áitiúla agus iad siúd a bhfuil cosc orthu páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí polaitiúla agus sochaí sibhialta a chur san áireamh. Is minic nach mbíonn mórán d'acmhainní airgeadais ná tacaíocht pholaitiúil ag tionscadail agus tionscnaimh óige áitiúla.

4.8. An tsochaí shibhialta eagraithe i dtíortha MENA, tá athléimneacht léirithe acu mar aon le tiomantas láidir do luachanna an daonlathais, agus iad ag gníomhú ar son chearta an duine, rannpháirtíocht na hóige, agus an smachta reatha trí bhíthin an chomhair thrasnáisiúnta. D'ainneoin teannas polaitiúil, údair imní slándála, agus acmhainní a bheith teoranta, is ann do ESSanna go leor, comhpháirtithe sóisialta san áireamh, a bhíonn ag obair i gcónaí i dtreo fís chomhroinnte den Mheánmhuir mar spás coiteann lánpháirtithe.

5. **Moltaí**

5.1. ***Moltaí coiteanna***

5.1.1. Rannpháirt a thabhairt do dhaoine óga i ngach céim den phróiseas ceaptha beartas – ón gcinnteoireacht go dtí an cur chun feidhme agus an mheastóireacht – agus struchtúir chuimsitheacha thrédhearcacha a chruthú, cuir i gcás creataí idirphlé fadtéarmacha arna n-éascú ag modhnóirí gairmiúla, agus spásanna a chomhdhearadh le daoine óga chun a rannpháirtíocht ghníomhach a áirithiú. Thairis sin, tá sé ríthábhachtach sásraí láidre faireacháin, aiseolais agus cuntasachta a bhunú le linn an phróisis ar fad ([14]).

5.1.2. Ba cheart go bhfágfadh ceapadh an choimisinéara nua don Mheánmhuir go mbeifí in ann bealaí nua a éascú chun ról rannpháirtíocht na hóige a threisiú i gceapadh beartas an Aontais, lena n-áirítear i saincheisteanna beartais comharsanachta, trí bhuan-struchtúr rannpháirtíochta óige a bhunú a mbeadh CESE páirteach ann.

5.1.3. Éilíonn CESE nósanna imeachta roghnúcháin cothroma agus cuimsitheacha chun ró-ionadaíocht daoine óga agus eagraíochtaí a bhfuil rochtain phribhléideach acu a chosc, trí réamhchéimeanna roghnúcháin trédhearcacha inrochtana a áirithiú.

5.1.4. Tá bearta nuálacha chun daoine óga a chuimsiú i struchtúir idirphlé shóisialta agus shibhialta tábhachtach chun iad a chur i gcroílár socruithe eagraíochtúla (ba cheart plé a dhéanamh ar chuótaí don óige a thabhairt isteach). Áirítear leis sin cultúr an chomhair a chur chun cinn in ionad an iomaíochais, easaontuithe a d'fhéadfadh a bheith ann a láimhseáil go measúil, agus daoine óga a aithint mar shaineolaithe ina réimsí féin trí phoist thábhachtacha a thabhairt dóibh. Tá úsáid cineálacha nua cumarsáide, go háirithe uirlisí digiteacha, agus cruthú insintí nua ríthábhachtach chun teagmháil a dhéanamh le daoine óga. Molann CESE freisin deireadh a chur le bacainní teanga i gcláir idirnáisiúnta trí chur ar chumas daoine labhairt ina dteanga dhúchais nuair is féidir.

5.1.5. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé deiseanna fothaithe acmhainneachta a chruthú do dhaoine óga ionas gur féidir leo na scileanna a fháil a theastaíonn uathu chun róil cheannaireachta a fháil in eagraíochtaí agus caibidlíocht a dhéanamh le lucht déanta na gcinntí.

([14]) Staidéar ó CESE arna thionscnamh ag Rannóg NAT maidir le Rannpháirtíocht struchtúrtha fhiúntach na hóige sa phróiseas ceaptha beartas agus cinnteoireachta: an dea-chleachtas áitiúil, náisiúnta, Eorpach, agus idirnáisiúnta a mhapáil.

5.1.6. Tá ról ríthábhachtach ag an Aontas maidir le tacú leis an lánpháirtiú réigiúnach. Is céim thábhachtach é struchtúir faoi stiúir na hóige a idirnascadh chun malartú (idir)réigiúnach smaointe, cultúr agus cleachtas comhair a chur chun cinn ar fud an réigiúin ilghnéithigh sin agus i measc an ghrúpa ilchineálaigh sin. Éilíonn CESE tacaíocht do líonraí óige réigiúnacha agus cistiúchán a aimsiú le haghaidh imeachtaí a bhaineann leis an óige.

5.1.7. Mar a luaitear in REX/566 ([15]), tá sé tábhachtach rannpháirtíocht daoine óga i gcaidreamh seachtrach an Aontais a neartú. Athdhearbhaíonn CESE an moladh a rinne sé an comhar a chur chun cinn idir eagraíochtaí don óige agus toscaireachtaí an Aontais, agus feasacht a mhúscailt maidir le beartais don óige. Thairis sin, ní mór nósanna imeachta um iarratais ar víosaí a bheith inrochtana go héasca, go háirithe do dhaoine óga.

5.1.8. Cuireann CESE i bhfios go láidir nach mór slándáil na rannpháirtithe a ráthú, go háirithe i réimsí chearta an duine, an cheartais aeráide agus chearta na n-oibrithe, má táthar chun rannpháirtíocht struchtúrach ionadaithe na hóige a chumasú. Leagann CESE béim ar an ngá le ról a thabhairt d'ionadaithe ó ghrúpaí faoi bhuntáiste i bpróisis rannpháirtíochta agus iarrann sé go ndéanfaí iarrachtaí breise chun struchtúir inrochtana a bhunú le haghaidh ionadaíocht éagsúil. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach cláir thacaíochta a cheapadh lena ndéanfar teagmháil le grúpaí leochaileacha. Tá sé tábhachtach na buiséid don óige a mhéadú ar gach leibhéal críochach, go háirithe, chun tacú le pobail áitiúla agus chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do shoghluaisteacht na hóige. Leithéidí Erasmus+, déanann na cláir sin deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga, d'oibrithe óige, agus d'eagraíochtaí a dhíríonn ar obair óige, dul i gcomhar le chéile.

5.1.9. Tugann CESE dá aire gur cheart do na córais oideachais éiceachórais thacúla a chruthú chun tacair scileanna iomchuí a fháil (e.g. litearthacht pholaitiúil agus dhigiteach) ionas gur féidir le daoine óga páirt a ghlacadh go muiníneach sna próisis institiúideacha. Ba cheart d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta ceardlanna a chur ar fáil do dhaoine óga maidir leis an bhfothú acmhainneachta, mar chuid de na cláir agus tionscnaimh oideachais atá acu, lena n-áirítear tríd an gcomhar leis an lucht acadúil agus le saol an ghnó.

5.1.10. Cuireann CESE i bhfios go láidir an gá atá le taighde a dhéanamh ar róil na ndaoine óga i margadh an tsaothair, san oideachas, i bpróisis rannpháirtíochta agus i saol an phobail. Ní mór an comhar idir ollscoileanna, institiúidí taighde, cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna agus institiúidí meánoideachais sa réigiún a neartú, trí rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga a chur i gcroílár an scéil agus timpeallachtaí sábháilte taighde a chruthú. An taighde allamuigh áitiúil fadtéarmach rothlach ar na struchtúir óige áitiúla, is féidir leis a bheith úsáideach chun an t-eolas is gá a chur ar fáil chun leasanna daoine óga a lánpháirtiú go rathúil.

5.1.11. Ó tá méadú tagtha ar sciar na ndaoine ardoilte de líon na ndaoine atá ag dul ar imirce ón réigiún, molann CESE frithbhearta éifeachtacha a ghlacadh i gcoinne imirce na ndaoine oilte.

5.2. ***Moltaí maidir leis an óige san idirphlé sóisialta***

5.2.1. Leagann CESE béim ar an ngá atá le hathchóirithe ar mhargadh an tsaothair, agus é mar chuspóir leo an t-aistriú ó fhostaíocht neamhfhoirmiúil go hobair dhlíthiúil chuibhiúil a éascú agus gurb e ceann de na saincheisteanna is práinní sa réigiún dul i ngleic leis na fadhbanna a eascraíonn as cineálacha oibre neamhthipiciúla agus forbhásacha. Molann CESE pleananna gníomhaíochta náisiúnta a tharraingt suas i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta i gcomhréir le EIS R204 ([16]).

5.2.2. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá bearta chun rannpháirtíocht ghníomhach i margadh an tsaothair agus soláthar seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a chur chun cinn, amhail cúram leanaí agus cúram fadtéarmach atá ar ardchaighdeán agus inacmhainne, chun fostaíocht na mban óg a spreagadh. Molann CESE freisin tús áite a thabhairt do chearta sóisialta trí uirlisí náisiúnta a fhorbairt.

5.2.3. Leagann CESE béim ar an ngá atá leis an idirphlé sóisialta tripháirteach agus dépháirteach a threisiú, go háirithe trí Choinbhinsiúin ríthábhachtacha EIS maidir leis an idirphlé sóisialta a chur chun feidhme go cuimsitheach, lena n-áirítear EIS C098 ([17]), EIS C135 ([18]), EIS C087 ([19]), agus EIS C154 ([20]). Tá sé ríthábhachtach freisin ról na gcomhpháirtithe sóisialta a threisiú i gceapadh na mbeartas agus na straitéisí náisiúnta. Dá mbunófaí faireachlanna chun faireachán a dhéanamh ar rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i bpróisis chinnteoireachta phoiblí, d'fhéadfadh siad sin a bheith ina n-ionstraimí éifeachtacha chun creat leordhóthanach a chruthú don idirphlé sóisialta.

([15]) IO C 184, 25.5.2023, lch. 5.
([16]) EIS R204 – Aistriú ón ngeilleagar neamhfhoirmiúil chuig geilleagar foirmiúil, 2015 (Uimh. 204).
([17]) EIS C098 – An Coinbhinsiún maidir leis an gceart eagrúcháin agus leis an gcómhargáil, 1949 (Uimh. 98).
([18]) EIS C135 – An Coinbhinsiún maidir le hIonadaithe na nOibrithe, 1971 (Uimh. 135).
([19]) EIS C087 – An Coinbhinsiún maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin, 1948 (Uimh. 87).
([20]) EIS C154 – An Coinhinsiún maidir le Cur chun Cinn na Cómhargála, 1981 (Uimh. 154).

5.2.4. Tugann CESE chun suntais buntáistí na bpleananna gníomhaíochta don óige, is féidir a úsáid mar threochláir, a ngabhann gníomhaíochtaí agus uirlisí ar leith leo le haghaidh creataí eagraíochtúla is cuimsithí maidir le rannpháirtíocht na n-óg in eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta. Thairis sin, trí fhothú acmhainneachta a sholáthar in eagraíochtaí maidir le hoiliúint i scileanna caibidlíochta, chomh maith le hoiliúint shonrach a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais grúpaí faoi bhuntáiste, is féidir pointe iontrála ísealtairsí a chruthú do dhaoine óga i struchtúir an idirphlé shóisialta. Seans gurbh fhearr cláir mheantóireacht a thabhairt isteach in áit cláir cheannaireachta, ós rud é go dtugtar deis leo bualadh le ceannairí na todhchaí ar bhonn cothrom agus oiliúint a chur orthu.

5.2.5. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le cruthú na struchtúr idirphlé shóisialta ar leibhéal na gcuideachtaí. Is uirlis riachtanach iad comhairlí oibrithe chun cuideachtaí a dhéanamh níos athléimní, níos rathúla ó thaobh an gheilleagair de agus chun gur fearr a bheidh siad in ann poist chuibhiúla a chruthú agus an daonlathas a chur chun cinn san ionad oibre (féach SOC/746 ([21])).

5.2.6. Tá sé ríthábhachtach oibrithe óga a chuimsiú i struchtúir an idirphlé shóisialta ar leibhéal na cuideachta. Trí dhaoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bpróisis dhaonlathacha san ionad oibre, tacaítear le rannpháirtíocht na n-óg agus cuidítear leo scileanna agus taithí a fháil chun ionadaíocht a dhéanamh ar a leasanna féin. D'fhonn leasanna na ndaoine óga a chur ar bhonn foirmiúil, molann CESE oibrithe óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa chómhargáil ionas gurbh fhéidir leo a leasanna féin a chur in iúl i gcomhaontuithe comhchoiteanna.

5.2.7. Bealach éifeachtach chun rannpháirtíocht na n-óg a leabú go struchtúrach san idirphlé sóisialta is ea struchtúir ionadaíocha atá dírithe ar an óige a bhunú ar leibhéal na cuideachta. Tarraingíonn CESE aird ar shampla Chomhairlí Iontaobhais na nÓg ([22]) san Ostair. Déanann Comhairlí Iontaobhais na nÓg ionadaíocht do leasanna eacnamaíocha, sóisialta, sláinte agus cultúrtha fostaithe óga agus na bprintíseach i gcuideachtaí. Tá sé de dhualgas ar gach cuideachta ag a bhfuil cúigear oibrithe óga nó níos mó toghchán daonlathach Chomhairle Iontaobhais na nÓg ag Tionól na nÓg a éascú. Tá ag Comhaltaí Chomhairle Iontaobhais na nÓg cearta speisialta, mar aon le dualgais speisialta orthu, maidir le ionadaíocht a dhéanamh do leasanna na bhfostaithe óga. Le dlisteanú oibrithe óga trí bhíthin toghchán, neartaítear a gcreidiúnacht ag an obair agus cuirtear ar a gcumas scileanna agus taithí a fháil maidir le hionadaíocht oibrithe.

5.3. *Moltaí maidir leis an óige san idirphlé sibhialta*

5.3.1. Comhchaighdeáin agus creat rialála cuimsitheach a bhunú lena gcuirfear sásraí struchtúrtha rannpháirtíochta ar fáil. Ba cheart d'institiúidí struchtúir shonracha tacaíochta a chruthú, lena n-áirítear foirne tiomnaithe agus pointí teagmhála, chun idirphlé rialta agus eagraithe le ESSanna a éascú. Ba cheart meastóireachtaí rialta a dhéanamh ar phróisis an idirphlé shibhialta d'fhonn laigí agus nithe a d'fhéadfaí a fheabhsú a aithint, chun a áirithiú gurb éifeachtach cuimsitheach i gcónaí an cleachtas teagmhála.

5.3.2. Ní mór a áirithiú go mbeidh próisis an idirphlé shibhialta cuimsitheach trí dhíriú go gníomhach ar ghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear mná, mionlaigh agus pobail leochaileacha, trí thacaíocht airgeadais agus acmhainní a chur ar fáil d'eagraíochtaí don óige, trí straitéisí cuimsitheacha a chur chun cinn agus trí líonrú agus comhoibriú i measc an aosa óig a éascú.

5.3.3. Ní mór tionscnaimh fothaithe acmhainneachta a neartú d'ionadaithe óga ESSanna agus do státseirbhísigh araon. Maidir leis na hionadaithe óga, is gá díriú ar litearthacht pholaitiúil, abhcóideacht agus tuiscint ar phróisis dhaonlathacha chun cur ar a gcumas tionchar níos éifeachtaí a imirt ar thorthaí beartais. Maidir le státseirbhísigh, ba cheart deiseanna uas-scilithe a chur ar fáil chun cur lena gcumas an t-idirphlé sibhialta a láimhseáil go héifeachtach.

5.3.4. Ní mór borradh a chur faoin infheistíocht sa bhonneagar digiteach chun bealaí nua a chur ar fáil don idirphlé sibhialta agus chun aghaidh a thabhairt ar an rochtain theoranta atá ag roinnt mhaith daoine óga ar an idirlíon. Ní mór feabhas a chur ar an litearthacht dhigiteach i measc an aosa óig chun iad a chumhachtú a dtuairimí a chur in iúl, feachtais a eagrú agus dul i mbun comhar trasteorann ar bhealach níos éifeachtaí. Is gá na meáin shóisialta agus uirlisí digiteacha eile a úsáid chun faisnéis a scaipeadh, lucht féachana níos leithne don óige a mhealladh agus daoine óga a nascadh thar theorainneacha, rud a chothóidh idirphlé níos cuimsithí, níos sábháilte, agus níos inrochtana.

5.3.5. Infheistíocht a dhéanamh chun cultúr an idirphlé shibhialta agus na rannpháirtíochta a chothú tríd an oideachas shibhialta a chomhtháthú sa churaclam scoile, agus trí fheachtais oideachais a chur chun cinn lena músclaítear feasacht faoin idirphlé sibhialta agus faoin dlúthpháirtíocht mar chodanna riachtanacha den chuimsiú sóisialta. Nósanna imeachta a shimpliú le gur féidir le ESSanna tionscadail shibhialta a dhéanamh in institiúidí oideachais, agus maoirseacht an rialtais a laghdú ag an am céanna d'fhonn rannpháirtíocht na saoránach a dhéanamh níos dílse.

([21]) IO C 228, 29.6.2023, lch. 43.

([22]) https://www.oegj.at/content/dam/oegj/downloads/dokumente/20220915%20H2JVR%20Brosch%C3%BCre%20WEB.pdf (i nGearmáinis amháin).

5.3.6. Comhairlí na n-óg a aithint ina ngníomhaithe dlisteanacha agus tacú le bunú na gcomhairlí óige neamhspleácha i dtíortha nach ann dóibh. Na buiséid don óige a mhéadú ar gach leibhéal críochach agus coistí comhairleacha áitiúla a bhunú ar a mbeadh ionadaithe don óige, d'fhonn an t-idirphlé sibhialta a mhéadú ar an leibhéal áitiúil. Straitéisí don óige a fhorbairt a chuireann le gné na hóige de phróisis an idirphlé shibhialta, rud a thabharfadh bealaí díreacha do na daoine óga le tionchar a imirt ar an rialachas áitiúil agus a chinnteodh go gcuirfí san áireamh a dtuairimí sa phróisis chinnteoireachta.

5.3.7. Ní mór aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le hobair don óige san idirphlé sibhialta. Ní mór spás agus ionadaíocht na n-eagraíochtaí óige a mhéadú i measc chontrapháirtithe an stáit le linn tionscnaimh idirphlé shibhialta (ina mbíonn ESSanna páirteach de ghnáth ach nach mbíonn ESSanna faoi stiúir na hóige páirteach iontu i gcónaí). Áirítear leis sin dlisteanacht oibrithe don óige a fheabhsú agus a áirithiú go n-aithnítear iad mar phríomhghníomhaithe a n-éistfear leo le linn próisis chomhairliúcháin agus sásraí idirphlé struchtúrtha leis na húdaráis.

5.3.8. Ní mór an t-idirphlé idirghlúine a chur chun cinn trí shásraí comhcheannaireachta a chruthú bunaithe ar mhalartú, comhoibriú, comhordú agus comhchruthú. Ba cheart, leis an gcur chuige sin, treoir a thabhairt do na glúnta níos sine maidir le conas oibriú le daoine óga, an dlúthpháirtíocht a threisiú, agus glacadh leis na hathruithe dinimiciúla a dhéanann daoine óga ar an idirphlé sibhialta. Má athraítear an scéal faoin óige trína rannchuidithe a aithint, dlisteanófar a thuilleadh an ról atá acu i gcúrsaí cinnteoireachta ([23]).

An Bhruiséil, an 23 Eanáir 2025

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([23]) https://www.eesc.europa.eu/ga/our-work/opinions-information-reports/opinions/promoting-european-intergenerational-solidarity-towards-eu-horizontal-approach.